
# Seans – Moltaí don fhoghlaim sa bhaile

## Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi Sheansúlacht?

Is éard is Seans ann ná an dóchúlacht go dtarlóidh toradh faoi leith. Is réimse matamaitice í an tSeans a úsáideann muid an t-am ar fad sa saol laethúil. Gach lá déanann muid cinntí bunaithe ar ár dtuiscint maidir le cé chomh dóchúil is atá sé go dtarlóidh rud éigin. Cabhróidh tuiscint níos doimhne ar an tSeans le do pháiste tuiscint a fháil ar na rioscaí a ghlacann muid inár saol laethúil agus cinntí níos fearr a dhéanamh.

### SMAOINTE CHUN TACÚ LEIS AN BHFOGHLAIM

- Agus tú ag léamh le do pháiste, bain úsáid as stór focal matamaiticiúil agus a bhféadfadh tarlú i scéal á phlé, m.sh., cén rud is dóichí anois? An féidir go ..? An dócha é go bhfuil...?
- Labhair le do pháiste faoi réamhaisnéis na haimsire. An dócha go gcuirfidh sé sneachta amárach? An bhfuil sé dodhéanta?
- Labhair le do pháiste faoi ghnáthaimh laethúla, m.sh., cad é an seans go mbeidh tú ag dul ar scoil inniu? Cén seans go bhfaighidh tú obair bhaile inniu? Cad iad na fachtóirí a théann i bhfeidhm ar an dóchúlacht go dtarlóidh na himeachtaí seo?
- Imir cluichí le do pháiste, m.sh., Caith Boinn. Labhair faoi na féidearthachtaí éagsúla a d'fhéadfadh tarlú laistigh de 10 gcluiche nó níos mó. An dócha/neamhdhócha go dtiocfaidh ceann aníos gach uair? An bhfuil sé dodhéanta?
- Agus tú ag imirt cluichí boird a bhfuil dísle mar chuid díobh, déan plé ar na torthaí éagsúla a tharlaíonn nuair a chaitear an dísle.
- Soláthraíonn spórt go leor deiseanna dúinn Seans a phlé. Cad iad na seansanna atá ag foireann nó duine aonair cluiche, comórtas nó rás a bhuachan? Cén t-eolas a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun tionchar a imirt ar an tuar seo?
- I gcás páistí a d'fhéadfadh a bheith imníoch, d'fhéadfadh sé cabhrú dul i ngleic le cúiseanna imní nó le himeachtaí atá ag teacht trí phlé a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh torthaí faoi leith. Is féidir leis seo a bheith úsáideach ó thaobh bac a chur roimh scéal chailleach an uafáis a dhéanamh de rud agus ó thaobh cabhrú le do pháiste anailís a dhéanamh ar thorthaí faoi leith go réadúil.










### LEABHAIR

- *Probably Pistacho* le Marsha Winborn (6 – 10 mbliana)
- *Bad Luck Brad* le Gail Herman (8 – 12 bhliain)
- *It's Probably Penny* le Loreen Leedy (8 – 12 bhliain)
- *That's A Possibility* le Bruce Goldstone (8 – 12 bhliain)
- *A Very Improbable Story* le Edward Einhorn (10 – 12 bhliain)

### CLUICHÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- *Carraig Páipéar Siosúr*
- *Lucky Ducky* le Orchard Toys
- *Níos Airde nó Níos Ísle*: ag baint úsáid as paca cártaí, tugann páistí buile faoi thuairim maidir le cé acu luach níos airde nó níos ísle a bheidh ag an gcéad chárta eile a tharraingítear as na bpaca
- *Nathracha is Dréimirí*
- Cluichí boird, cluichí cártaí nó cluichí dísle agus cluiche de chineál ar bith nach mbeidh a fhios agat ón tús cé a bheidh ina bhuaiteoir cinnte



## SUÍOMHANNA GRÉASÁIN

- Scoilnet www.scoilnet.ie
- Nrich Maths www.nrich.maths.org

**Téarmaí úsáideacha le cuardach ar líne: foghlaim faoi seans, dóchúlacht, tuar, bunscoil, matamaitic, cluichí, gníomhaíochtaí*




## EALAÍONA AGUS CEARDAÍOCHT

- Dear agus déan cluiche boird a bhfuil roth mar chuid de.
- Cruthaigh gníomhaíocht seó cluichí
- Cruthaigh líne dhóchúlachta ag baint úsáid as pictiúir le himeachtaí a thaispeáint atá dodhéanta, an-neamhdhóchúil, dóchúil, an-dóchúil, cinnte.
- Cruthaigh stiallchartún grinn inar féidir le himeachtaí dodhéanta tarlú ar feadh lá amháin.





## DO CHUID SMAOINTE FÉIN